

CAPALL TRÍ CHOS

Bhí gabha de Shúilleabhánach i gCorr na Móna. Fear breagh óg a bhí ann. Tháinig an síogaidhe chuighe oidhche ag doras na ceardchan. D'iarr sé ar an ngabha crú achur ar a chapall. Nuair a dhearc an gabha ar an gcapall ní fhaca sé ach trí cosa. "Cá bhfuil an chos eile?" adeir an gabha. "Níl aon cos eile agam ach cuir crú ar an gcapall." Dubhairt an gabha nach gcuirfeadh sé aon chrú ar chapall nach mbeadh cheithre cosa uirthé.

Oidhche lá ar n-a bhárach tháinig an gabha isteach i dteach ósta. Ní raibh sé thar céad slat uaidh. Thuit sé ar meisge cois na teine agus d'fhan sé annsin. Bhí an dá chos dóighe agus é cailte.

10/11/36